C/2024/7486

17.12.2024

Fógra le haghaidh an eintitis atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/3151 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3152 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré

(C/2024/7486)

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird don eintiteas a luaitear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/3151 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinní XVI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3152 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré.

Chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart an t-eintiteas sin a áireamh ar liosta na ndaoine dlítheanach, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/849 agus i Rialachán (AE) 2017/1509 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré. Tugtar na forais leis an eintiteas sin a ainmniú san iontráil ábhartha sna hiarscríbhinní sin.

Tugtar ar aird don eintiteas lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, chun údarú a fháil cistí reoite a úsáid chun bunriachtanais nó íocaíochtaí sonracha a chumhdach (féach Airteagal 35 den Rialachán).

Féadfaidh an t-eintiteas lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh é a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, **roimh an 30 Aibreán 2025**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le h Airteagal 36(2) de Chinneadh (CBES) 2016/849 agus le hAirteagal 47(4) de Rialachán (AE) 2017/1509.

Tugtar ar aird an eintitis lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 141, 28.5.2016, lch. 79.
([2]) IO L, 2024/3151, 16.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3151/oj.
([3]) IO L 224, 31.8.2017, lch. 1.
([4]) IO L, 2024/3152, 16.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3152/oj.